

Is Dúnmharthóir í mo mháthair Scríofa ag Isabel Cruz Liljegren

Rólanna:

Elias- buachall, 16

Máthair 15/ cailín 15- an máthair nuair a bhí sí níos óige Ulli- cailín, 15

Máthair- bean 45

... línearfoluainsanaer.

[] focail nach deirtear amach ós árd.

- Tagann an freagairt ina dhiaidh sin gan sos

Cinneann an stiúrthóir agus an fhoireann ainmneacha na ról.

Fuimeanna na tuaithe sa chúlra. Tá ELIAS á thaifeadadh.

ELIAS

Má dhúnaim mo shúile, aithním go díreach cá bhfuil mé. Éin, braonta báistí ag teacht síos ón ndíon, síos isteach sa féar, cé gur stop sé ag cur báistí tamall ó shin. Cláir urláir ag díoscarnach agus mo mháthair ag bogadh timpeall na cistine. An clog, an ghaoth, an cuileog, agus fad locha dhuibh i bhfad uainn. Déanaim taifeadtaí go leanúnach, ionas gur féidir liom filleadh gan mo chorp a bhogadh. (Déanaim taifeadtaí, gabhaim chuimhneacháin in am, le bheith in ann filleadh ar ais gan mo chorp a bhogadh: údar) Seo an uair dheireanach a bheidh mé anseo ag teach ó sheanmháthar, mar le mo mháthair is ea í an t-aon bhealach le teacht anseo, agus beidh sí i bpriosún gan mhoill. Mar gheall ormsa. ELIAS is ainm dom, tá mé sé mbliana déag d'aois agus is dúnmharfóir í mo mháthair. Éis le seo.

Brúann ELIAS cnaipe an seinnteoir caiséad. Seinntear meascán gairid ceoil ó tús na 90idí. Stopann an ceol go tobann agus tosnaíonn taifeadadh. Déanann an máthar (15) gáire. Tá ULLI dáiríre.

Máthair

ULLI, abair arís é sin.

ULLI Cad é?

MÁTHAIR 15

Ar aghaidh leat, abair arís é.

ULI

Cén fáth? An bhfuil tú ag déanamh taifeadadh?

MÁTHAIR, 15

Ní raibh mé ach chun roinnt ceol a chasadh, ach ní cosúil go bhfuil sé ag obair. Tá súil agam go bhfaighidh mé ceann nua amárach.

Brúnn Máthair 15 cnaipí ar an taifeadán caiséad. Tá an taifeadadh múchta agus casta ar siúl arís.

MÁTHAIR 15

Aa 'sea. (GO ULLI) Tá eagla ort ormsa, mar sin?

ULI

Níl mé ag teacht amárach.

MÁTHAIR 15

Ach mo bhreithlá atá ann?!

Brúann ELIAS an cnaipe stoptha ar an taifeadán caiséad.

ELIAS

Taifead caiséad é seo ón mbliain míle naoi gcéad nócha a haon. Tá sé sin scríofa ar an gcás. Sin í mo mháthair ag déanamh taifeadadh- beidh sí 15 amárach, agus tá a cara, Ulli, ar tí bás a fháil an oíche sin; an oíche roimhe sin. Tháinig mé trasna an taifeadadh seo oíche amháin i mbosca ó leanaíocht mo mháthar, suas go hard sa várdrús, anseo ina sheanseomra leapa. Bhí na focail "téip measctha" nó rud éigin mar sin scríofa ar an mbosca. Nuair a bhí mo sheanmháthair fós beo, d'inis sí scéal dom faoi Ulli –

Ulrike – dlúthchara mo mháthar a bháthadh í féin sa Loch Dorcha, slí amháin nó slí eile. Tuigim anois cén fáth nach raibh mo mháthair ag iarraidh labhairt faoi. Ní féinmharú a bhí ann. Labhraíonn na fuaimeanna ar a son féin. Tá rud éigin ar tí tarlú.

Brúann ELIAS an cnaipe ar an taifeadán caiséad.

ULI

Hé, tá sé déanach. Níl do mháthair sa bhaile go fóill?

MÁTHAIR 15

Baineann sé seo le cad a tharla an uair dheireanach.. sin an fáth a bhfuil eagla ort.

ULI

Ní cheart an rud gur rinne tú é sin. Agus ní cheart an rud gur raibh mé -

MÁTHAIR 15

(ag cur isteach orthu) Is drochbhean atá mé, an bhfuil?

ULI

Nílimid go maith dá chéile.

MÁTHAIR 15

Is cosúil go bhfuil an diabhal ionat.

ULI

(ag cogarnach) Ní hea... Cad atá á dhéanamh agat? (stopann an cogar) Caithfidh gurb é seo an uair dheireanach a bhfeicimid a chéile.

MÁTHAIR 15

Ó geallaim. An uair dheireanach.

ULI

Beidh mo bhás ort.

MÁTHAIR 15 Éist...

ULI

(whispers) Cad atá tú á dhéanamh dom? Ní féidir liom... ionanálú.

Duine ag ligint cnead as le pian agus fuaimeanna tromanálú / Duine éigin eile ag ligeant cnead agus tuairteanna; d'fhéadfaí glac leis gurb iad nd fuaimeanna seo an MÁTHAIR 15 ag strangáil agus ag fágáil ULLI maol marbh slí amháin nó slí eile.

ULI

(ar éigin) ... Ní hea... Aa... Ó, a Dhia. Caithfidh tú stop a chur le seo... Ní féidir liom análú a thógaint ar bith. Aaa, scaoil do ghreim atá orm, tá me...tá mé..aa...aa.

Titeann an seinnteoir caiséad ar an urlár agus cuireann fuaimeanna an dúnmharú isteach ar an taifeadadh sula thagann buachphointe an taifeadadh. Is féidir seabhrán an tseinnteoir caiséad a chloisint go lag sa chúlra. (*Fuaim an seinnteoir caiséad nuair a bhíonn taifeadadh air ach tharla an eachtra taifeadta i bhfad on ngléas; ie. Tá fuaim íseal.. B'fhéidir buzz: údar*)

ELIAS

Níl rud ar bith fágtha. Fiú fuaim an uisce dhuibh. Caithfidh gur tharraing Mam a corp ann. [an oíche sin]

MÁTHAIR

(ag cur isteach air) Agus sin é an rud a tharla, dar leat?

ELIAS

Cé chomh fada a bhfuil tú i do sheasamh ansin?

MATHAIR

Ní raibh tuairim faoin spéir agam gurb... gurb é...

Is féidir monabhar an seinnteoir caséid a chloisint.

ELIAS

Cén fáth gur mharaigh tú í?

MÁTHAIR

Cad tá ag bogadh ansin?

LIAS

É sin? Ó, tonnchruth ar an scáileán is ea é. Rinne mé dearmad stop a chur ar chasadh an gcaiséad agus tá sé á thaifeadadh díreach chuig na ríomhaire glúine, ach hé? Fanaigí ansin..

ELIAS ag clóscríobh ar an méarchlár.

ELIAS

Tá rud éigin eile anseo.

Brúann ELIAS an cnaipe stoptha ar an seinnteoir caiséad. Cuireann sé seo stop leis an monabhar.

ELIAS

Anseo. Lig dom fuaim a mhéadú.

Ardaíonn ELIAS an fhuaim trí chliceáil leis an ríomhaire.

Déanann ELIAS cliceáil ar an ríomhaire agus casann sé suas an toirt. Cloistear torann éigin agus ansin, guth dochloiste.

MÁTHAIR

Cad a bhí é sin?

ELIAS

Chlois sé cosúil le...lig dom an fhuaim a mhéadú a thuilleadh.

Bhuaileann ELIAS an an ríomhaire.

ELIAS

Anois, bhféidir.

Brúann ELIAS an cnaipe 'senim'. Chloistear an fuaim ag éirí níos airde is ansin, guth uaigneach is cruinn ULLI.

ULLI

An bhfuil tú i do choladh? (sos) An gcloiseann tú mé? (sos) Tá brón orm as do bhreithlá a loiteadh. Tá

mé...tá mé i ngrá leat. Tá mé (guth dochloiste).

Imíonn guth an chailín. Tá an seinnteoir ag siosarnach. Tógann an máthar domhainanálú. Brúann ELIAS an cnaipe stoptha. Cuirtear stop leis an bhfuaim.

ELIAS

Cheap mé gur fuair Ulli bás an oíche *roimh* do bhreithlá?

MÁTHAIR

Ni d'fhéadfadh é seo a bheith fíor. Ceart, fuair sí.

ELIAS

Conas a d'fhéadfadh sí do bhreith...(lá) a loiteadh?

MÁTHAIR

Tá brón orm a ghá, labhróimíd níos déanaí....tá mé....

Fágann an máthair agus dúnann sí an doras.

ELIAS

Caithfidh sos a bheith agam.

Múchann ELIAS an taifeadadh. Le himeacht aimsire, cloistear fuaim na báistí. Tosnaíonn ELIAS ag taifeadadh arís.

ELIAS

Tá sé ag cur báistí arís. (sos) Níor labhair mé féin agus mo mháthair riamh faoi rudaí a chulamar. Seans gur eachtra neamhgnáthach, mór, dothuigthe a bhí ann. Is deacair an rud í eachtraí a phlé muna dtuigeann tú iad. Rudaí nár cheap tú a bhí ann, ach, tá siad fós ann? (sos). B'fhéidir nach gá duit rudaí a phlé, nó iad a thuiscint. Is dóthan an rud í labhair go hoscailte agus, i ndáiríre...éisteacht.

Baineann ELLIAS smeach as a mhéara. Cloistear guth thaibhsiúil ULLI arís (an thaifeadhadh céanna mar a bhí ar siúl roimhe seo)

ULLI

Tá mé .. (sos) Tá mé i ngrá leat. Tá mé (dochloiste)

Fuaim an seinnteoir caiséid.

An Deireadh.